

# museum

National Museum of Ireland

Ard-Mhúsaem na hÉireann

## Oifigeach Feidhmiúcháin, Forbairt Tráchtála

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun post an **Oifigh Feidhmiúcháin, Forbairt Tráchtála** a líonadh, bunaithe i nDún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7. Is post Lánaimseartha, Buan é seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíochta a dhéanamh.

### Cuspóir an Phoist

Beidh sé de chúram ar shealbhóir an phoist tacú leis an mBainisteoir Forbartha Tráchtála maidir le forbairt tráchtála an Mhúsaem a uasmhéadú agus a thacú ó ghníomhaíochtaí tráchtála nua agus reatha. D'áireofaí leis sin an saincheadúnas lónadóireachta, imeachtaí ar scála mór, seomraí corparáideacha agus ionaid a fháil ar cíos, scannánú, páirceáil carranna, urraíocht, síntiúis, agus aon ghníomhaíocht eile a thacaíonn le forbairt chúram tráchtála an Mhúsaem.

### TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach sa chuid folúntais ar **shuíomh Gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Tá sé riachtanach go gcomhlánaíonn iarrthóirí foirm iarratais agus go gcuireann siad CV atá cothrom le dáta agus litir chládaigh isteach. Ní mór don fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais lámhscríofa.

**Iarraimid go ndéanfar na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach in aon PDF amháin.**

Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach [Folúntais](#).

### Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le feiceáil ar an leathanach seo mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Comhlánaigh na doiciméid atá ag teastáil agus nasc le chéile iad in aon PDF amháin mar aon le do CV agus do litir chládaigh.

- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin AMÉ chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach [Folúntais](#), faigh an post ar mhian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an seiceáil Captcha agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfean an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí. Tabhair faoi deara le do thoil, go bhféadfaí go gcuirtear painéal le chéile ón iomaíocht seo d'fholúntais amach anseo.

Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi deara go gcloífear go docht leis an spriocdháta agus sprioc-am.

### **Spriocdháta le haghaidh Iarratais**

## **Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00 Ar an Aoine 29 Samhain 2024**

**NÍ GHLACFAR LE HIARRATAIS DHÉANACHA TABHAIR FAOI DEARA GUR FAOIN IARRATASÓIR ATÁ SÉ CHUN A CHINNTIÚ GO bhFAIGHTEAR IARRATAIS UILE ROIMH AN SPRIOC-AM AGUS AN SPRIOCDHÁTA Cloífear go docht leis an spriocdháta agus sprioc-am.**

Tabhair faoi deara nach mbreithneofar iarratais don phost seo ach ar bhonn na Foirme Iarratais atá curtha ar fáil mar aon le CV agus litir Iarratais. Beidh sonraí teagmhála triúr moltóirí de dhíth má théann iarratasóir ar aghaidh chuig an gcuid níos déanaí den phróiseas earcaíochta

**Beidh dícháiliú ina thoradh ar chanbhasáil.**